



# 1916

## The 1916 Rising: Personalities and Perspectives

### 7.0 Príomhshuimh na Gníomhaíochta

### 7.13 Inis Córthaidh, Co. Loch Garman

Bhí roinnt mhaith éiginneachta i gCo. Loch Garman, mar gheall ar theachtaireachtaí contrártha a bhí ag teacht ó Bhaile Átha Cliath, maidir le cibé an dtarlódh an tÉirí Amach. nó nach dtarlódh. I ndeireadh na dála, go luath ar Luan Cáscá, chuir Jennie Wyse-Power, Uasal, ball de Chumann na mBan, teachtaireacht ón bPiarsach in iúl go dtarlódh an tÉirí Amach an lá sin; i rith na hoíche fuarthas scéala go raibh an tÉirí Amach ar bun.

Ar an gCéadaoin, fuarthas teachtaireacht ó Shéamas Ó Conghaile ag iarraidh go gcoinneodh Óglaigh Inis Córthaidh smacht ar an líne iarnróid ó Ros Láir chun cosc a chur ar fhórsaí breise ón mBreatain dul chomh fada le Baile Átha Cliath. Ar an Déardaoin, ghlac Óglaigh Inis Córthaidh i gcomhar le grúpaí ó cheantair eile seilbh ar Inis Córthaidh. Bunaíodh ceanncheathrú san Ataenaem, suíomh láidir taobh leis an gcaisleán. Chabhraigh baill d'Fhianna Éireann agus de Chumann na mBan leis na hÓglaigh. Ba é an Ceannfort Briogáide Robert Brennan an t-oifigeach a bhí i gceannas. Ghlac na hÓglaigh seilbh ar an mbaile agus bhlocáil siad na bóithre agus an líne iarnróid.

Bhailigh siad mórrhimpeall ar bheairic Chonstáblacht Ríoga na hÉireann agus scaoil siad leis na pólíní; ní dhearna siad iarracht seilbh a ghabháil ar an mbeairic áfach, mar gur chreid siad go ngéillfeadh Constáblacht Ríoga na hÉireann tar éis tamaill. Idir an dá linn, ghabh fórsa a bhí faoi cheannas an Chaptaein Paul Galligan seilbh ar Fhearna agus ar chuid de thuaisceart an chontae.


Ar an Sathairn tháinig an scéala faoin ngéilleadh i mBaile Átha Cliath chomh fada le Inis Córthaidh. D'éiligh na hÓglaigh go ndeimhneofaí gurbh fhíor don ghéilleadh: an lá dár gcionn, agus iad faoi thionlacan arm na Breataine, chuaigh an Captaen Seamus Doyle agus an Captaen Seán R. Etchingham go Baile Átha Cliath chun labhairt leis an bPiarsach i gCnoc an Arbhair. Ar an Luan, an 1 Bealtaine, ghéill Óglaigh Inis Córthaidh gan choinníoll. Gearradh pionós an bháis ar roinnt oifigeach, ach laghdaíodh a bpianbhreitheanna uile.

7.13 Inis Córthaídh, Co. Loch Garman




Enniscorthy as it was a decade before the Rising. (Lawrence R633).

7.13 Inis Córthaídhe, Co. Loch Garman



A commemorative postcard. (Album 273).

7.13 Inis Córthaídhe, Co. Loch Garman




A commemorative postcard. (PLM 28,366).

7.13 Inis Córthaidh, Co. Loch Garman




Photograph from a commemorative postcard for Michael de Lacy who was sentenced to death but had his sentence commuted to five years penal servitude. (Album 73).

7.13 Inis Córthaídh, Co. Loch Garman



Section of a newspaper report. The photograph shows Larry de Lacy (left) who is said to have made 'a sensational escape to America when wanted under the Defence of the Realm Act'. The other man is Seán R. Etchingham, who took part in the Rising at Enniscorthy. (Daily Mirror, 9 May 1916).

7.13 Inis Córthaídh, Co. Loch Garman



Group taken on Monday 1 May before the surrender. Front row: Seamus Rafter, Robert Brennan, Seamus Doyle, Seán R. Etchingham. Back row: Una Brennan, Michael de Lacy, Eileen Hegarty. (Capuchin Annual, 1966).